



Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**Treoirlínte d'fhinnéithe ag tabhairt fianaise
ag éisteacht imscrúdaithe de chuid
an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí,
seachas iad siúd atá faoi réir imscrúdaithe**

Lúnasa 2021

Clár

Réamhrá.....	Error! Bookmark not defined.
Cuspóir éisteacht an imscrúdaithe	3
Cumarsáid leis na finnétithe	3
Ráitis scríofa na bhfinnétithe	4
Éisteacht an imscrúdaithe	4
Ról an fhinné.....	4
Freastal ar éisteachtaí imscrúdaithe.....	5
Costais na bhfinnétithe	5

Réamhrá

1. Baineann na treoirlínte seo (na “**treoirlínte**”) le finnétithe faoi ordú an Coimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (an “**Coimisiún**”) teacht os comhair an Choimisiúin nó doiciméid a sholáthar chun críocha éisteacht imscrúdaithe á reáchtáil faoi alt 23 de an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, arna leasú ag an Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001 (na “**hAchtanna um Eitic**”). Ní bhaineann na treoirlínte seo le héinne ata ina ábhar imscrúdaithe. Nó is féidir leo siúd atá faoi réir imscrúdaithe tagairt a dhéanamh le gnásanna an Choimisiúin, mar atá luaite in alt 3 thíos.
2. Tá na treoirlínte bunaithe ar fhorálacha na nAchtanna um Eitic agus tá siad beartaithe chun cabhrú leis na finnétithe a théann i dteagmháil leis an gCoimisiún lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi:
 - cad atá le súil ag an bhfinné roimh agus le linn na héisteachta;
 - an chaoi gur chuid den éisteacht iad an fhianais agus/nó ráitis na bhfinné agus conas is féidir á n-úsáid; agus
 - freagrachtaí agus cearta an fhinné.
3. D’fhoilsigh an Coimisiún a chuid gnásanna maidir lena phróiseas gearán, lena n-áirítear na céimeanna a bhaineann le héisteacht imscrúdaithe a reáchtáil, atá ar fáil ar a shuíomh [Gréasáin](#). D’fhoilsigh an Coimisiún a chuid gnásanna maidir lena phróiseas gearán, lena n-áirítear na céimeanna a bhaineann le héisteacht imscrúdaithe a reáchtáil, atá ar fáil ar an suíomh Gréasáin. Ba cheart na treoirlínte a léamh i dteannta na gnásanna chun gearán a dhéanamh agus a bhainistiú – féach [gnásanna na ngearán eitice](#).

Cuspóir éisteacht an imscrúdaithe

4. Is féidir leis an gCoimisiún éisteacht imscrúdaithe a reáchtáil sa chás inar:
 - rinne sé breithniú ar thuarascáil réamhfhosrúcháin agus chinn sé go raibh dóthain fianaise ann chun cás *prima facie* a bhunú maidir le gearán i gcoinne duine atá faoi réir na nAchtanna um Eitic, agus gur iomchuí déanamh amhlaidh; nó
 - chinn sé, as a stuaim féin, go bhféadfadh an duine atá faoi réir na nAchtanna um Eitic tar éis a chuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Eitic a sháru.
5. Reáchtáiltear éisteachtaí imscrúdaithe go poiblí de ghnáth agus éistfidh an Coimisiún an fhianaise ábhartha go léir atá ar fáil maidir leis an ngearán a mhaítear. Is foinse ríthábhachtach faisnéise í fianaise an fhinné agus tacaíonn sí leis an gCoimisiún teacht ar a chinneadh.
6. Chomh fada agus is féidir, cuirfear finnétithe ar an eolas, roimh a ndáta tinrimh, faoin ábhar ginearálta a mbeifear ag súil lena gcuid fianaise nó cúnamh eile a chur ar fáil. Cuireann sé seo ar chumas an fhinné an cúnamh is fearr a thabhairt don Choimisiún ina chuid phlé.

Cumarsáid leis na finnétithe

7. Déanfar cumarsáid ón gCoimisiún le finnétithe de ghnáth trí Aonad Seirbhísí an Dlí, a chuireann comhairle dlí agus tacaíocht ar fáil don Choimisiún.

8. Déanfar cumarsáidí a iarrann nó a threoraíonn freastail ar fhinnéithe i scríbhinn amháin, agus cuirfidh siad sonraí teagmhála, a leagann amach dáta, am agus suíomh na héisteachta beartaithe, ar fáil.
9. Cuirfidh an chumarsáid seo freisin an deis ar fáil don fhinné:
 - más ábhartha, ráiteas a dhéanamh i scríbhinn; agus
 - aon iarratais eile a dhéanamh is mian leis go ndéanfaidh an Coimisiún á meas (lena n-áirítear gur mian leis go mbeadh duine in éineacht leis).
10. Tabharfar cóip de na treoirlínte do na finnéithe atá molta.
11. Is féidir le Cathaoirleach an Choimisiúin, as a stuaim féin, a ordú go bhfreastalóidh finnéithe os comhair an Choimisiúin ionas go dtabhairfidh siad a gcuid fianaise. Nuair a eisítear a leithéid treorach, is cion coiriúil é gan freastal ar na héisteachtaí gan chúis chóir.

Ráitis scríofa na bhfinnéithe

12. Sula dtosaíonn an éisteacht imscrúdaithe, is féidir cuireadh a thabhairt don fhinné ráiteas a dhéanamh i scríbhinn nó a chur faoi agallamh ag foireann na Rúnaíochta, agus iad ag obair thar ceann an Choimisiúin chun ráiteas an fhinné a fháil.
13. Scaipfear gach ráiteas ar chomhaltaí an Choimisiúin agus ar pháirtithe eile sula dtosaíonn an éisteacht agus beidh siad mar chuid den fhianaise a bhreithneoidh an Coimisiún.

Éisteacht an imscrúdaithe

14. Reáchtáiltear éisteachtaí imscrúdaithe de ghnáth in oifigí an Choimisiúin. Tá an seomra leagtha amach chun suas le seisear comhalta an Choimisiúin a bheith i láthair chomh maith leis na foirne dlí (ionadaithe dlí an Choimisiúin agus ionadaithe dlí an fhreagróra), na finnéithe agus baill an phobail agus na meán cumarsáide. Déanann luathscríbhneoir na héisteachtaí imscrúdaithe a thaifeadadh agus ullmhaítear na hathscríbhinní mar thaifead foirmiúil ar na himeachtaí.
15. Is féidir a mhalairt socruithe a mheas i gcásanna eisceachtúla de réir rogha an Choimisiúin, lena n-áirítear nuair a bhíonn obair cianda i bhfeidhm agus/nó de bharr chomhairle sláinte poiblí.

Ról an fhinné

16. Caithfidh an finné a chuid fianaise a thabhairt faoi mhionn nó faoi dhearbhu. Is féidir le finné a thugann fianaise faoi mhionn a bhfuil bréagach, agus a bhfuil a fhios aige gur bréagach í, a bheith ciontach i mionnú éithigh, ar cion coiriúil é.
17. Caithfidh finnéithe comhoibriú leis an imscrúdú agus le treoracha an Chathaoirligh. Is féidir le héinne nach ngéilleann do threoir nó do chinneadh an Chathaoirligh a bheith ciontach i gcion - féach leathanach 17 de na gnásanna um ghearáin eitice chun tuilleadh faisnéise a fháil.
18. Tá sé de cheart ag finné a thugann fianaise ag éisteacht na pribhléidí agus na díolúintí céanna agus atá ag finné san Ard-Chúirt.

19. Ba cheart don fhinné aird a thabhairt ar an rúndacht is gá a choimeád, go háirithe i gcás éisteachtaí imscrúdaithe a réachtáiltear go príobháideach. Níor chóir d'fhinné sonraí an imscrúdaithe a phlé le héinne ar bith, fiú amháin le finnétithe eile, seachas lena ionadaithe dlí féin nó le ionadaithe dlí an Choimisiúin.
20. Is cion faoi na hAchtanna um Eitic sonraí a nochtadh maidir le héisteacht imscrúdaithe a réachtáiltear go príobháideach, nó sa chás inar ordaíodh na páirtithe rúndacht na héisteachta a choinneáil – féach leathanach 17 de na gnásanna um ghearáin eitice chun tuilleadh faisnéise a fháil

Freastal ar éisteachtaí imscrúdaithe

21. Ar lá na héisteachta:
 - suífidh an finné san áit atá ainmnithe don phobal, nó in áit ainmnithe eile, go dtí go nglaofar air a chuid fianaise a thabhairt;
 - beidh ar an bhfinné mionn nó dearbhú a thabhairt sula dtugann sé fianaise;
 - is féidir leis an bhfinné a bheith ag súil go ndéanfaidh ionadaithe dlí don Choimisiún agus don fhreagróir scrúdú agus croscheistiú air de réir mar is cuí;
 - is féidir leis an gCoimisiún an finné a cheistiú.
22. Déanfaidh an luathscríbhneoir atá ag freastal ar an éisteacht fianaise an fhinné a thaifeadadh. Cabhróidh an athscríbhinn seo leis an gCoimisiún agus an éisteacht á plé agus á teacht ar thorthaí aige.
23. Tar éis éisteacht imscrúdaithe, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil i scríbhinn ag leagan amach a chuid thorthaí agus a chuid chinntí, a fhoilseofar ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin. Cuirfear athscríbhinn na héisteachta i gceangal le tuarascáil an Choimisiúin ach amháin dá réachtáiltear an éisteacht go príobháideach.
24. De ghnáth, ní bheidh aon teagmháil bhreise le finné tar éis críochnú an éisteacht imscrúdaithe, ach amháin má tá breis soiléiriú ag teastáil.
25. Is féidir leis na meáin agus an bpobal freastal ar éisteachtaí poiblí, i dteannta leis na páirtithe eile lena mbaineann. Tá tuilleadh faisnéise faoin lucht freastail ag éisteachtaí ar fáil ar leathanach 14 de [ghnásanna na ngearán eitice](#)..
26. Sa chás go réachtáiltear éisteacht de chuid an Choimisiúin ar líne agus áiseanna ar líne á n-úsáid aici, rachfar i dteagmháil leis an bhfinné roimh ré le haon treoracha riachtanacha maidir le logáil isteach agus chun á chur ar an eolas faoi cad a d'fhéadfadh tarlú. Má bhíonn aon deacracht ag an bhfinné rochtain a fháil ar áiseanna oiriúnacha ar líne, ba cheart dó an Coimisiún a chur in iúl faoina leithéid. Is féidir leis an gCoimisiún rochtain ar na háiseanna riachtanacha a chur ar fáil ansin go pearsanta in oifigí an Choimisiúin.

Costais na bhfinnéithe

27. Is féidir le haon finné a fhreastalaíonn ar éisteacht imscrúdaithe, a réachtáiltear de ghnáth in oifigí an Choimisiúin i mBaile Átha Cliath, a bheith i dteideal dearbhán réasúnta maidir lena chuid costais a fháil de réir rogha an Choimisiúin. Breithneoidh an Coimisiún aisíocaíocht na gcostas as póca a thabhaíonn aon ghnáthfhinné mar thoradh ar a chuid fianaise a thabhairt. Caithfidh dearbhú réasúnta a bheith ar na costais seo agus d'fhéadfadh go n-áireofaí orthu:

- costais an taistil chuig/ón ionad éisteachta - ba chóir gach iarracht a dhéanamh úsáid a bhaint as iompar poiblí más féidir
- costais chothaithe - lóistín thar oíche agus béilí

28. **Ní íocfar aon éileamh nach bhfuil tacú dearbháin leis.**

29. Má cheapann aon fhinné go bhféadfadh sé costais díreacha a thabú mar thoradh ar a chuid freastal ar éisteacht imscrúdaithe, seachas costais chaighdeánacha taistil agus cothaithe, ní mór dó ráiteas a chur isteach faoi chineál agus leibhéal measta na gcostas chun cead a fháil ón gCoimisiún sula dtosaíonn an éisteacht. Breithneoidh an Coimisiún aon iarratas ar a leithéid costas a íoc ar bhonn eisceachtúil.

30. Coimeádann an Coimisiún ceart diúltú aon chostais nach ndearbhaítear i gceart a aisíoc, agus, dar leis, nach bhfuil réasúnach nó nár tabhaíodh mar thoradh dhíreach ar fhreastail mar fhinné. Ní íocfar aon chostais i leith éisteachtaí ar líne.